

SGÓLÓG NA FIASÓIGE LIATH. (AR LEANÚINT).

"Tiubhraidh tú leat an tsrian seo ar maidin. Ní bheidh mise i mo shuidhe," adeir an t-oncal.

"Nuair fhosglóchas tú doras an stábla craithfidh tú ido laimh í.

An chéad each de na trí cinn a chuirfeas a cloigeann inntí tabhair leat í agus béidh tú ag tigh mo dhreathára-sa ins an oidhche amarach le cuím greine a dhul i dtalamh agus ní mac baintreabhaige gan fáilte tú." B'fhíor dó.

Bhí sé a dhul isteach an geata nuair bhí an ghrian a'dul i dtalamh. Bhí bean a'tighe ina seasamh sa doras.

"Ar son Dé" ar sise "ná téirigh níos fuide."

Go sábhala Dia sinn a bhean chroidhe" adeir sé, "go céard atá ort."

"Aithnighim" adeir sí, "ar sgéimh do craicinn gur Éireannach thú agus fathach atá ina chomhnaidhe in san teach seo."

"Ó shoraidh dhe" adeir sé, "go céard d'fhéadfadh sé a dhéanamh sé ach mé a marbhú."

"Tá sin sáthach dona a'msa" adeir sí, "a bheith ag breathnú ort gata marbhú."

"Sgéal cam air," adeir sé, "ní móide go bhfuil sé chomh maith ar cos ar bith agus tá a thoirt."

"A chomhairle féin" adeir sí "do dhuine dannardha, agus ní bhfuair ariamh níos measa. Cuir isteach anois do chapall ins i gcoirnéal sin thall agus b'éidir go mbeadh biadh caithte agat shul má thiocfadh sé isteach." Leag sí aige dinnéar a raibh díol a riogh ann.

"Ní dinnéar" adeir sé, "gan altú. D'altuigh sé an dinnéar.

"Go bhfoire Dia orainn" adeir sí, "sé an t-altú deireannach a'd é. Tharraing sé a chathaoir i leathtaoibh agus tháinig suan codlata air. Is gearr go dtáinig an fathach isteach. Rug sé ar gualainn air agus chraith sé é.

"Shílfeá go bhfuil tú i do chodhladh" adeir sé. "Nuair a bhíons an bolg lán" adeir sé, "is mian leis an gcnámh síneadh." Tharraing sé an cáicín as a phóca agus bhuail sé san taoibh clé é.

"Goirim féin agus cairsicim tú a mhic mo dhreifire as Éirinn, nár leagas mo shúil uirthi le ocht mbliana déag agus fiche." "Bhfuil beatha caithte a'd?" adeir sé. "Tá" adeir seisean adeir sé "go raibh maith is fad saoghail ag do mhnaoi, nach fada gur smaoinigh tú thigheacht ar cuairt agam."

"Creidim nach dtiocfainn" adeir sé, "ná anois heín marach mo thrioblóid." "Aithris dom do sgéal" adeir sé.

"Muisse" adeir sé "mac faoi gheasa mé."

“Chó siúbhrailte” adeir a’fathach adeir sé, “is tá an ionga ar an ordóig sé sgológ na fiasóige liath a chas leat.” “Sé” adeir sé.

“Ó maise go bhfoire Dia ort” adeir bean a’tighe. “Tiubhraidh sé sin cnámh crinneadh duit.” “Anois” adeir a’fathach adeir sé, “níl aon mhaith dhomsa gata coinneál i do dhúiseacht. Tá láir a’m-sa annsin amuich ar dhath na lochóige agus tiubhraidh tú leat ar maidin í agus beidh tú san oidhche amárach ag tigh mo dhreathára. Tá inghean ag mo dhreatháir” adeir sé, “ar an mbean óg is beachtaighte faoi na seacht ríoghacht le draoidhóireacht agus mura bhfuasglaidh sí sin do chás ní a’m céard déarfainn leat.” D’imthigh leis ar maidin agus nuair bhí sé ag déanamh ar tigh an tríomhadh honcal d’aithnigh an t-oncal torann a chapail ag teacht. Glaoigh sé ar an inghean. “Tá anshó eicínteacht ar mo dhreatháir” adeir sé.

Aithrighim fuaim a chapail ag teacht. Sheas a capall ag a’ ngeata agus d’ísligh an marcach.

“Há” adeir sé le na inghin, goidte atá sí aige ó mo dhreatháir.”

Chonnaic an fear óg ag déanamh air é faoi mhór-fheirg. Níor thug sé an trial dó nú gur bhvail sé leis an gcáca ins an taobh clí é. “Doirt liom anall a inghean, seod é mac mo dhreifíre as Éirinn. Phógadar é agus dhiúladar é Thóigeadar den talamh é idir coirp cleite agus sgiathán na gur leagadar i gcathaoir ins a bpárlús é.

“Níor mhaith liom-sa” adeir an inghean, “a dhul a’cur muisiam ort, a athair, bhí a fhios a’m go raibh sé seo ar an mbealach ag tigheacht ach ní fhiafróchamuid aon pioc dó go dtí tar éis bídh.

Nuair a bhí biadh caithte aca chuadar ar ceileabhair.

“Níl aon ghabhadh duit labhairt,” adeir sí, “tá fhios a’msa cá bhfuil do tharraingt.” “Sé amárach do lá” adeir sí, “in eadan gach aon lá is bliadhain” adeir sí, a tagas a thriúr inghean ar snámh ar loch na fola ina dtrí eala. Anois” adeir sí “téirigh ar cholbha a locha agus ní le feiceál agat ann ach aon tolán amháin agus cuir tú fhéin i bhfolach ann. Ins an am a bhfuil siad a’ tigheacht cuirfidh siad ceo codlata ort, ní ort-sa amháin ach ar na sluaighte. Tá cloch a bhfastóchas don tolán agus nuair a aireochas tú an codladh a tigheacht ort bí ag cuimilt do cloiginn den chloch, ná má thuiteann tú ido chodhladh tá tú annsin go lá is bliain faoi dhraoidheacht na mban. Mara dteag aon codladh ort nuair ísleochaidh siad a gcodladh ina locha ins an am a mbainfidh siad díobh a gcuid éadaigh. Má eirigheann leat é sin a choinneál tá leat.” Níor eirigh. Thuit sé ina chodhladh. D’fhan sé annsin in imtheacht lá is bliain faoi draoidheacht na mban. Nuair tháinig an lá is bliain dhúisigh sé agus shíl sé nach raibh sé uair a chluig ann. Is gearr gur airigh sé ag tigheacht iad. “Anois” adeir sé “ní leigfidh mé mo leas ar cáirde.” Thosuigh sé sgríobadh a cloiginn den cloch insan am a ndeachadar sin ar snámh. níor leis sin ab fhaillighe é.

Choinnigh sé an ribín agus d’imthigh an péire eile fiadhain.

“Anois adeir sí ní aon mhaith duit mé a coinneál faoi láthair ach tiubhraidh mé sgríobtha duit as mo chuid fola go ndeanaidh mé chuile shórt duit dá bhfuil i mo chomhachta agus beidh tú ag árus m’athar chó luath liom féin ach tabhair dom a ribín.” Thug sé duithe a ribín agus tharraing sí dlaoi as a cuid gruaige.

“Cuir in do phóca í sin anois” adeir sí. D’éirigh sé ina eala in éindigh léi féin ins an aer nó go ndeachadar go ceann cúrsa.

Leagadh biadh aige agus leagadh ól aige agus gach uile shórt olla-mhaitheasa. Nuair a bhí biadh caithte aige seadh tháinig a sgológ go dtí é.

“Muide céad fáilte romhat a duine dhoscumhach” adeir a’ sgológ.

“Muide go maire tú a fhear gan coinsias” adeir seisean. “Téirigh a chodladh anois” adeir a sgológ, “tá neart oibre le deanamh a’msa amárach.” Chuaidh sé a chodladh agus tháinig sise go dtí é le gloine fíon.

“Ná bíodh faitchíos ar bith ort” adeir sí. Níl aon tsnaidhim dá gcuirfidh sé nach sgaoilfidh mise.” Nuair a d’éirigh sé ar maidin lá ar na mhárach frítheadh a bhricfasta réidh dó.

“Siubhail leat anois adeir a’sgológ, tá ceann posta am-sa le t’aghaidh .” Thug sé ag tobar é. Caithfidh tú anois” adeir sé, “an tobar sin a thaosgadh leis a’gceann seo, agus a fáinne óir a chaill mo garmháthair é a fhaghail dom-sa. Tá sé ar thóin a’ tobair sin.” Níl aon cana a caithfeadh a’ fear bocht amach nach dteagfadh trí cinn isteach go dtáinig a’ bhean óg le n-a dhinnéar aige.

“Muide a Shéain na gcarad go cé mar tá tú a dhéanamh.” “Go suarach” adeir sé, “nuair a chaithim ceann amach teagann trí cinn isteach.” “Ith do dhinnéar anois” adeir sí, agus béidh sé taosgtha a’msa shul má bhéidh sé ithte a’d.” Chuir sí lámh ina póca agus thug sí mearacán as a’póca, chaith sí a thrí lán uisge amach.

Níor fhan deor sa tobar. Chuir sí lámh síos agus thug sí aníos a’ fáinne. “Anois a Sheáin na gcarad céard déarfá.” Rinne Seán meanga gáire. “Is goire cabhair Dé ná an doras” adeir sé. “Seo anois” adeir sí, “tabhair siar ag an mbodach é sin agus ná tabhair ómós ar bith dó.” Seo anois adeir Seán adeir sé agus mallacht Dé duit fhéin agus dho do gharmháthair!” “Ha! ha!” adeir sé, “fear siunctha a bhéas ionnat nuair bhéas mise réidh leat. Téirigh a chodladh anois” adeir sé, agus tá do dhóthain rumhat amach amárach. Nuair a d’éirigh sé ar maidin fuair sé bricfeasta. Thug a’ sgológ leis é ag stábla nar glanadh le seacht mbliana.

“Chaill mo gharmhathair snáthad annsin,” adeir sé, “agus caithfidh tú í d’fhágail.” “Ó Dia linn” adeir Seán. Chaith sé dhe thosuigh sé ag caitheamh amach. Níl aon phíce dá gcuireadh sé amach nach dteagadh isteach arís.

“Ní raibh mé i mo cios thuabhtall ariamh” adeir sé “go dtí indiu.” Bhí fhios aice-se go ceard a bhí le n-a aghaidh agus bhí an dinnéar dhá uair luath. Nuair a tháinig sí, “muise a Seáin na gcarad” adeir sí, “cén caoi a bhfuil tú a’déanamh.”

“Muide dhá mheasa maol” adeir sé, “is dhá mheasa mullóg.”

“Ith do dhinnéar” adeir sí. Ní rinne sí ach biorán gruaige a tharraingt as a cloigeann. Caith sí amach ruainne de’n aoileach.

Fuair sí an tsnáthad. “Seo anois” adeir sí, “tabhair siar ag an mbacach í sin agus ná tabhair aon ómós dó mar tamuid fhéin tuirseach dá saoghal aige.”

“Seo anois” adeir Seán adeir sé “agus rath na raithnighe crín ort féin agus ar do gharmháthair.” “Ith do bhéile anois” adeir a’sgológ agus teirigh a codladh agus tá píosa maith oibre a’m le t’aghaidh ar maidin. Chuaidh an fear bocht a chodhladh agus tháinig a’ bhean óg go dtí é le gloine fíon. “Ná bac leis,” adeir sí, “bíodh misneach a’d.”

Nuair d'éirigh sé ar maidin lá ar n-a mhárach fuair sé bricfeasta.

"Bh'feiceann tú an caisleán sin thall," a deir a' sgológ.

"Feicim" adeir sé. "Tá sé sin déanta le seacht mbliain. Ní bhfuair mé aon fhear fós ariamh a chuir ceann air. Caithfidh tú ceann a chur air. Tá chuile bhall uairneis leagtha annsin le t'ais." Níor fhan sí le dinnéar ar bith an lá seo ach chuaidh sí amach go dtí é, sul má chuirfeadh sí níos mó trioblóid air.

Chuir sí ceithre ghabhlóg i dtoll a chéile (i dteannta a chéile).

Leag suas iad sin anois adeir sí. Nuair a leagadh suas iad bhí an ceann ar a gcaisleán. "Gabh siar anois go dtí é" adeir sí "s ná tabhair aon ómós dó. Ghla' sé amach air. "Sin é anois é" adeir sé agus má tá ceann ar a gcaisleán go gcaille an t-úinéara (owner) a cheann féin."

"Tiubhraidh mé tríál dhá lá dhuit" adeir sé le Seán nú go bhfeice mé ceard eile atá le déanamh a'm."

"Ní bhéimid aige" adeir sí le Seán, "imtheochamuid anocht."

Bhí bean choimhreachta a tabhairt aire dhí seo agus chaitheadh sí a fhreagairt trí uaire san oidhche. D'fhág an eala uan caorach ina diaidh sa leaba faoi dhraoidheacht a bhí indon a bhean choidhmhreachta a freagairt trí uaire san oidhche.

D'imthigheadar ar maidin agus is maith an sgathamh a bhíodar ó bhaile nuair a hairigheadh imthighthe iad.

Badh é an sgológ liath seo badh é an rí a bhí ar oileán é agus bhí an oiread seo céadta fear aige in arm agus in éadach. Nuair a d'airigh sé an eala imthighthe lean sé fhéin agus iad fhéin í.

"A Sheáin" adeir sí, "breathnuigh i do dhiaidh agus fiacha a' bhfeicfá aon duine a'tigeacht i do dhiaidh."

"Tá" adeir sé "agus na sluaighthe."

"Anois" adeir sí "tarrneochaidh mise ceo draoidheacht idir thú fhéin agus iad fhéin."

B'fhíor dí. Tharraing. Tháinig an bheirt aca go hEirinn agus b'éigin doibh-san casadh abhaile.

"Anois a Sheáin" adeir sí, "tá tusa a dhul abhaile. Má phógann aon bhlas do bhéal nó aonduine go dteaga tu am-sa annso ar ais, ní smaoineochaidh tú a' bhfaca tú ariamh mé. Chuaidh sé abhaile go dtí an mháthair go ndeanfadh sé an sgéal a aithris dí go cén chaoi ar chaith sé a saoghal ó d'imthigh sé agus má chuaidh féin níor mhac gan fáilte é. Bhí sé ag coinneál gach aon duine amach ar fhaitchíos go dteangmhóchaidís len a bhéal.

D'éirigh leis gur sgaoil barriall a bhróige. Nuair a crom sé síos dá dúnadh tháinig coileán con a bhí sa teach agus nuair a d'aithnigh sí é chuimil sí a teanga dá bhéal. Níor chuimnigh sé ariamh ar an eala gleigeal agus bhí a fhios aice féin é sin.

Sé an áit a ndeachaidh sí ar a caoimhint fein auas i gcrann.

Chaith sí lá agus bliain ag maireactáil ar a cuid draoidheacht.

D'imthigh an duine uasal óg seo agus rinne sé cleamhnas le bean óg, bhí dá mhíle agus trí ceathramhna as a dhúthaigh. Ní raibh aon tonónta ar a dhúthaigh bocht nó saidhbhir nach dtug sé cuireadh ar a bhainis dó. D'éirigh le greasaidhe go raibh sé ina comhnaidhe ar an mbaile a raibh an

duine uasal ina comhnaidhe ann. Fuair sé cuireadh ar a mbainis. “Anois” adeir an gréasaidhe leis an inghin is sine a bhí aige, “teirigh ag an tobar agus tabhair cana uisge a’m go gcuiridh mé an leathar seo ar bogadh ann faoi choinne an lae amarach.” Bhí an tobar faoi bun crainn ins an áit a raibh an eala gleigeal in imtheacht lá agus bliain. Nuair a tháinig inghean a ghréasaidhe ag an tobar nuair a bhreathnuigh sí síos chonnaic sí an sgála. Ní rinne sí ach dul abhaile go dtí n-a hathair.

“Cén caoi a bhfuair tú ionnat féin mise a cur ag iarraidh uisge agus gur mé an posaidh mná is deise faoi rothaí na gréine.”

“Imthigh leat tusa” adeir sé leis an dara hinghean, “agus tabhair a’m-sa an t-uisge.

Chuaidh an dara hinghean ag a tobar agus nuair a chrom sí síos ag tógail an uisge chonnaic sí an sgála. “Ó” adeir sí, “shíl mé” adeir sí, “nach raibh aon dream ag breathnú có deas ins sa saoghal. “ Tagadh an sean-chaibiléar é féin agus tugadh sé leis é.”

Tháinig sí abhaile.

“Cá bhfuil an t-uisge?” adeir a greasaidhe.

“Bhfuil náire ort” adeir sí, “a’ cur do chlann inghean ag tobar, na mná is breaghtha faoi luidhe na gréine?”

“Dia a rinne, Dia a chum,” adeir a greasaidhe.

Ach ní bhfuair a’ sionnach aon teachtaire níos fearr ná é féin.

D’imthigh leis, an greasaidhe é fhéin agus chuaidh sé ag an tobar. Nuair a chrom sé síos ag tógail an uisge chonnaic sé an sgála. Bhreathnuigh sé suas agus chonnaic sé an bhruinneal.

“Má’s é do thoil é” adeir sé, “an dtiocfá anuas?”

“Sé maise,” adeir sí, “tá mé lá ‘s bliain annseo.”

“Siubhail leat liomsa anois ag m’árus agus tiubharfa mé duit é mar tá sé am féin a’s ag mo chomhluadar.”

Chuaidh.

Nuair tháinigeadar isteach bhí an chlann inghean dá ngléas féin.

“Nuair a bhéas bia caithte agat” adeir an gréasaidhe, “tá súil a’m go dtiocfaidhe tú ag bannis in éindigh linn.”

“A muise ní móide go mbeadh aon ghlacadh liom” adeir sí. “Tá cead ag gach uile dhuine dul ar a mbainis” adeir a’ gréasaidhe.

D’imthigh leothab agus chuadar ag teach na bainse bhí gach uile short spóirt, bhí gach uile shórt pleisiúir ann agus bhí gach uile shórt caitheamh aimsire ann. D’éirigh an bhean óg ina seasamh agus d’fhiafraigh sí go múnla mánla an ngeobfadh sí féin cead píosa spraidh a dhéanamh. Dubhradh leithe go ngeobfadh agus míle fáilte. D’iarr sí pláta airgid agus leag sí ar a’mbord é. Tharraig sí amach coileach agus cearc. Leag sí gráinne cruithneacht idir a coileach agus a’ chearc. Bhuaile a’ chearc gob ar a gcoileach.

"is olc é do chumann" adeir sí, "a choilighín shalach [coileach]. An gcoimhnigheann tú ar a' tobar nar bhféidir a thaosgadh? A' gcoimhnigheann tú ar a stábla nár glanadh in imtheacht trí líne? A gcoimhnigheann ar a gcaisleán nár bhféidir a dhéanamh? A gcoimhnigheann tú ar an gceo draoidheacht a tharraing mé idir thú féin is na céadta? A gcoimhnighuigeann tú ar phóg bhéil a' mhadaidh a sgar mé féin is tú féin ó na chéile? [Sin é an uair a thuig sé í.]

"Ó is fíor sin" adeir sé, "má tá an cleamhnas seo déanta. Níl na snamanna snaomta ach goirím is coisricim tú, a eala bhreagh gléigeal.

[Dá mbeadh an pósadh déanta bheadh an tsnaoim curtha]

Níl na snaimtheanna snamtha.

adhlaicín – roilig

amhlacan= fuaim ag Peadar.

Páistí nach mbeifeadh baiste ortha.

Pé bí fear a gheobhfadh tobar dó sin a gcaithfidhe an tobar a bhaisteadh. Seán do San Seán.

Padraic do Naomh Pádraic.

M'anam ag a dteac!

In ainm Naoimh Seán.

Tá tobar Naoimh Seán ar bhaile an Tighe Mhóir trí míle siar ón Spidéal. Toibrín Carraig a' Mhatail a bhí air go dtí aimsir Father Hosty. Dubhradh leis sin gurb é Seán a bhí ar a bhfear a fuair é.

Dubhairt seisean pe brí ainm a bheadh ar a bhfear no ar a mbean a geobfadh an tobar gurb ar an ainm sin a baistí an tobar, agus bhaistigh sé an tobar Tobar Naoimh Seán. Gheobfaidh an tobar seo le leath tuile agus le leath tráigh.

iarainn fásgha handcuffs

cáidó cheana ó bhí tú tiar?

Go gcuirfidh mé toras, until I make a pilgrimage.

Níor dheadh – Peadar

Níorbh eadh.

Tabhairné (tornae) baramhail ar an mbaile seo – Daly.

Cuasglach convenient, discreet áit ní ba cuasglaghe

ina lán mhara.

Caitheadh an fear bocht.

The man's case was dismissed.

Tosúigheadh ag casaoid air.

An aithghiorra

Badh é sin (a) fhearracht ag an an mbuachaill báire é. Lusbairt shalach atá istigh i nGaillimh ó Chonnamara

A mbainfidh tú cionn mo thomhaise díom?

Mé ag dul ag tomhaisiú rud agus gan mé cinnte faoi. Will you tell me if I guenaright.

Ag bíogadh tríd a chodladh

bhain sé spuaic chodlata amach.

Thois sé é He measured him.

Siopa a bhí i nGaillimh bhí "sguab leat" air mar leas-ainm.

Dianadh eisean a threorú He was directed.